



## Ag tacú le scoileanna le tuairiscí scríofa ag deireadh na bliana a chur ar fáil do thuismitheoirí **leanaí i mbunscoil**

Ceisteanna Coitianta

Bealtaine 2020

### 1. Ar chóir tuairiscí scríofa a chomhlánú ag deireadh na scoilbhliana seo?

Ba chóir. Ba chóir tuairiscí ag deireadh na bliana a chomhlánú agus a chur chuig thuismitheoirí i mí an Mheithimh.

### 2. Conas ba chóir do scoileanna tuairisciú a dhéanamh ar dhul chun cinn na leanaí agus ar an méid atá bainte amach acu i mbliana?

Tá raon leathan ann do scoileanna sa chaoi ina ndéanann siad tuairisciú ar dhul chun cinn na leanaí agus an méid atá bainte amach acu i scoilbhliain 2019/2020. I gCiorclán 56/2011 éilfítear ar scoileanna tuairisciú a dhéanamh ar cheithre réimse:

- an leanbh mar fhoghlalimeoir
- forás pearsanta agus sóisialta an linbh
- dul chun cinn an linbh leis an bhfoghlaim i réimsí curaclaim nó ábhair churaclaim
- na chéad chéimeanna eile i bhfoghlaim an linbh, lena n-áirítear bealaí do thuismitheoirí le cabhair a thabhairt.

Mar a tharla blianta eile agus de réir pholasaí a scoile, ba chóir do scoileanna leas a bhaint as raon modhanna measúnaithe agus foinsí éagsúla fianaise agus eolais a bhailítear i rith na bliana le ráitis a dhéanamh faoi fhoghlaim agus dul chun cinn na leanaí.

Agus cinneadh á dhéanamh conas tuairisciú a dhéanamh, is féidir le scoileanna rogha a dhéanamh astu seo a leanas:

1. teimpléid curtha in oiriúint agus cruthaithe ag baint úsáid as Cruthaitheoir Cárta Tuairisce an CNCM ar líne ar <http://www.reportcard.ncca.ie/ga>
2. Na naoi dteimpléad aonaracha de chuid an CNCM ar <https://ncca.ie/ga/bunscoil/tuairisci%C3%BA-agus-aistri%C3%BA/teimpl%C3%A9ad-c%C3%A1rta-tuairiscithe-cruthaitheoir>



I bhfianaise COVID-19 agus mar gheall ar na beartais atá i bhfeidhm, lena n-áirítear dúnadh na scoileanna, chun cuidiú le srian a chur le scaipeadh an víris, b'fhéidir go mbeadh sé úsáideach do scoileanna athchuart a thabhairt ar na teimpléid éagsúla agus/nó an Cruthaitheoir Cárta Tuairisce ar shuíomh gréasáin an CNCM chun cur chuige atá beagán difriúil a chur i bhfeidhm maidir le tuairisciú a dhéanamh ar dhul chun cinn na leanaí agus an méid atá bainte amach acu. Mar shampla, b'fhéidir go mbeadh sé i gceist leis seo bogadh ó úsáid a bhaint as scálaí éagsúla agus ticbhoscaí agus úsáid a bhaint as stíl tuairiscithe ina bhfuil insint níos mó i gceist bunaithe ar nótaí tráchta agus moltaí. Cuireann na teimpléid aonarach agus an Cruthaitheoir Cárta Tuairisce araon na deiseanna seo ar fáil agus ag an am céanna coinnítear na ceithre réimse atá liostaithe thuas.

### **3. Conas ba chóir do scoileanna tuairisciú a dhéanamh ar dhul chun cinn foghlama na leanaí i rith na tréimhse nuair a bhí an scoil dúnta (13ú Márta go dtí deireadh na bliana acadúla)?**

Cé gur dócha go mbeidh scoileanna ag brath ar mheasúnuithe rangbhunaithe chun tuairisciú a dhéanamh ar dhul chun cinn foghlama na leanaí in 2019/2020, sna tuairiscí ba chóir eispéiris chianfhoghlama an linbh a mheas freisin. Chun é seo a dhéanamh, d'fhéadfadh scoileanna cuntas gairid a chur lena rogha teimpléid tuairisce chun ráiteas a thabhairt maidir le rannpháirtíocht an linbh le linn na tréimhse nuair a bhí an scoil dúnta, agus ag an am céanna a gcuid folláine a choimeád mar chuid lárnach na cumarsáide. Sna nótaí tráchta molta, d'fhéadfaí aitheantas a thabhairt do na hiarrachtaí agus an chruthaitheacht a léirigh na leanaí, a ndearcadh dearfach agus a rannpháirtíocht agus/nó d'fhéadfaí tagairt a dhéanamh do roinnt de na tionscadail a roinn siad nó na scileanna a léirigh siad le linn na tréimhse. Ar chúiseanna éagsúla, b'fhéidir nach raibh roinnt leanaí in ann bheith rannpháirteach sa chianfoghlaím le linn na tréimhse seo. Tá sé tábhachtach nach léirítear é seo go diúltach sa tuairisc.

### **4. Baineann ár scoil úsáid as teimpléid tuairiscithe agus Cruthaitheoir Cárta Tuairisce de chuid an CNCM le tuairiscí a chruthú. Ar chóir dúinn bheith ag súil go ndéanfar athruithe ar na teimpléid seo i mbliana?**

Mar atá luaite thuas, tá naoi dteimpléad tuairiscithe aonarach a ónar féidir scoileanna roghnú, chomh maith le huirlis ar líne chun teimpléad atá curtha in oiriúint a chruthú. I dteannta a chéile, cuireann siad seo raon leathan roghanna ar fáil den chaoi ina bhféadfadh scoileanna tuairisciú a dhéanamh ar dhul chun cinn na leanaí sa scoilbhliain seo. I bhfianaise é seo, níl sé



beartaithe aon athruithe a dhéanamh ar na teimpléid ná ar an gCruthaitheoir Cárta Tuairisce ar líne.

Agus scoileanna ag tosú ag obair ar thuairiscí scríofa ag deireadh na bliana do thuismitheoirí agus i bhfianaise cad a tharla nár tharla riamh cheana agus atá ann do gach duine i mbliana, d'fhéadfadh scoileanna breathnú ar na nithe seo a leanas a dhéanamh.

- Áit ar cruthaíodh an teimpléad/ na teimpléid atá in úsáid tríd an gCruthaitheoir Cárta Tuairisce ar líne, d'fhéadfadh an scoil breathnú ar roinnt ceartuithe oiriúnacha a dhéanamh air/orthu.
- Áit arb é an teimpléad/ na teimpléid atá in úsáid ceann amháin de na naoi gcinn atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an CNCM, d'fhéadfadh an scoil athbhreithniú a dhéanamh ar na roghanna teimpléid eile agus teimpléad eile a roghnú le húsáid i mbliana, mar shampla, féach [https://ncca.ie/media/3486/rct\\_3.pdf](https://ncca.ie/media/3486/rct_3.pdf) ina n-úsáidtear nótaí tráchta.

## **5. Conas ba chóir do mhúinteoirí tuairisciú a dhéanamh ar scóir i dtrialacha caighdeánaithe i dtuairiscí ag deireadh na bliana?**

Dheimhnigh an Roinn Oideachais agus Scileanna ar an 27 Aibreán 2020 go raibh trialacha caighdeánaithe curtha ar ceal do leanaí i rang a dó, rang a ceathair agus rang a sé sa scoilbhliain seo. Má dhéanann scoileanna an cinneadh úsáid a bhaint as teimpléad tuairiscithe a dhéanann tagairt don triail chaighdeánaithe, is féidir leis an gcuid seo den tuairisc a fhágáil folamh. Nó, d'fhéadfadh an scoil an téacs seo a leanas a chur isteach - 'níor úsáideadh trialacha caighdeánaithe i dtéarma an tsamhraidh mar a mhol an Roinn Oideachais agus Scileanna'.

I gcás na leanaí i rang a sé, bainfidh scoileanna úsáid as an teimpléad Cárta Tuairisce do Rang a Sé atá mar chuid den Phas Oideachais. Sa teimpléad seo tá spás san áireamh le haghaidh torthaí as na trialacha caighdeánaithe a cuireadh i gcrích i rang a dó, rang a ceathair agus rang a sé. Le haghaidh scoilbhliain 2019/20, ba chóir scóir i dtrialacha caighdeánaithe do rang a dó, rang a ceathair agus rang a cúig (áit ar reáchtáladh trialacha) a chur ar fáil. Cuirfidh sé seo eolas úsáideach ar fáil don iar-bhunscoil maidir leis an treocht i bhfeidhmíocht trialacha thar thréimhse ama.

## **6. Ar chóir do scoileanna tuairisciú a dhéanamh ar scóir i dtrialacha na leanaí ó thréimhse trialacha caighdeánaithe 2018/2019?**



Níl aon ghá do scoileanna tuairisciú a dhéanamh ar thorthaí trialacha ó anuraidh mar beidh na torthaí seo tuairiscithe chuig na tuismitheoirí cheana féin mar chuid den tuairisc ag deireadh na scoilbhliana in 2018/2019.

**7. Inár scoil, reáchtáladh trialacha caighdeánaithe do na leanaí san fhómhar in 2019. An féidir nó ar chóir na torthaí ó na trialacha seo a thuairisciú chuig na tuismitheoirí mar chuid den tuairisc ar an dul chun cinn ag deireadh na bliana?**

Is dea-chleachtas é tuairisciú a dhéanamh chuig tuismitheoirí maidir le dul chun cinn a leanaí. Má tá na torthaí as na trialacha seo ar fáil, is é is dóichí ná gur pléadh iad cheana féin ag an gcruinniú tuismitheoirí is múinteoirí san fhómhar nó go luath san earrach. Is faoi phríomhoide na scoile i gcomhar leis na múinteoirí cé acu a gcuirfear na torthaí seo san áireamh sa tuairisc scríofa ag deireadh na bliana. Má chuirtear na torthaí san áireamh, ba chóir dáta na trialach/na dtrialacha a chur in iúl do na tuismitheoirí go soiléir mar is é is dóichí ná go bhfuil dul chun cinn sa bhreis déanta ar fhoghlaim a leanaí ó shin.

**8. Maidir leis na scoileanna a cheannaigh na trialacha caighdeánaithe i mbliana, an mbeidh na scoileanna seo i dteideal deontas bliana a fháil do na trialacha caighdeánaithe?**

Má cheannaigh scoil ábhar do na trialacha caighdeánaithe le húsáid i mbliana agus má bhí íocaíocht déanta cheana féin lena soláthraí, íocfaidh an Roinn an deontas sa scoilbhliain seo. Ba chóir na hábhair a choinneáil le húsáid i scoilbhliain 2020/2021. Ní eiseofar íocaíocht deontais chuig na scoileanna sin i scoilbhliain 2020/2021 mar beidh na hábhair ar fáil cheana féin le húsáid.

**9. I bhfianaise nach gá do scoileanna fanacht le haghaidh riarachán agus torthaí na dtrialacha caighdeánaithe, an féidir cártaí tuairisce a chur chuig tuismitheoirí níos luaithe ná sna blianta roimhe seo?**

Moltar go leanann scoileanna ar aghaidh agus na tuairiscí ag deireadh na bliana a eisiúint chuig tuismitheoirí i mí an Mheithimh. Mar thoradh air seo, beidh na scoileanna ar a gcumas chun tuairisciú a dhéanamh, chomh fada agus atá sé indéanta, ar rannpháirtíocht na leanaí in obair óna múinteoir(i) agus le haiseolas a thabhairt ar shamplaí den obair a roinn siad lena múinteoir ar líne le linn na tréimhse nuair a bhí an scoil dúnta. Ar bhonn dea-



chleachtas leanúnach, ba chóir do scoileanna tuairiscí a chur chuig tuismitheoirí go pras agus dhá sheachtain roimh dheireadh mhí an Mheithimh ar a laghad chun ligean do thuismitheoirí comhfhreagras a dhéanamh leis na múinteoirí maidir le tuairisc a leanaí.

## **10. Conas is féidir le scoileanna cártaí tuairisce comhlánaithe a chomhroinnt lena dtuismitheoirí?**

Mar a tharla sna blianta roimhe seo, is féidir le scoileanna cártaí tuairisce a chur sa phost nó ar ríomhphost chuig a dtuismitheoirí. Má roghnaíonn scoil na tuairiscí a chur ar ríomhphost, ba chóir don scoil a chinntiú:

- gur aontaigh na tuismitheoirí i scríbhinn na cártaí tuairisce a fháil ar ríomhphost. B'fhéidir gur bhailigh an scoil an cead cheana féin ag tús na scoilbhliana nuair a d'iarr siad cead ó na tuismitheoirí le haghaidh cleachtas scoile eile, mar shampla, úsáid a bhaint as grianghraf an linbh le haghaidh foilseachán scoile.
- go bhfuil na seoltaí ríomhphoist do na tuismitheoirí uile i gceart.
- go ndéantar na cártaí tuairisce comhlánaithe a chur ar ríomhphost mar PDFanna leacaithe. De ghnáth ní féidir PDF leacaithe a athrú ná eagarthóireacht a dhéanamh air. Féach [http://www.reportcard.ncca.ie/static/pdf/NCCA\\_RCC\\_User\\_Guide\\_2\\_Irish-Downloading\\_and\\_saving\\_a\\_report\\_card\\_2013\\_.pdf](http://www.reportcard.ncca.ie/static/pdf/NCCA_RCC_User_Guide_2_Irish-Downloading_and_saving_a_report_card_2013_.pdf) , Cuid 4, Igh 8-12 le haghaidh eolais maidir le cártaí tuairisce a shábháil.

Is gá do scoileanna a chinntiú go gcomhlíonann na bealaí ina mbailíonn, a stóráilann agus a roinneann siad eolas an reachtaíocht uile um chosaint sonraí.

## **11. Conas ba chóir do scoileanna tuairisciú a dhéanamh ar thinreamh i mblíana?**

I bhfianaise dúnadh na scoileanna a thosaigh ar 13 Márta mar gheall ar COVID-19, ba cheart do scoileanna líon na laethanta a fhreastail an dalta as líon na laethanta scoile a raibh an scoil ar oscailt a thuairisciú. Ba cheart an cur chuige seo a mhíniú do thuismitheoirí/caomhnóirí ar litir chlúdaigh a chuirfear leis an tuairisc. Más mian le scoileanna, féadfar na litreacha clúdaigh seo a úsáid chun teachtaireachtaí nó pointí ar leith faoi na tuairiscí cuir in iúl do na tuismitheoirí/caomhnóirí. Ba cheart don scoil tuairisc a thabhairt ar rannpháirtíocht an linbh ar an gciánfhoghlaim le linn na tréimhse nuair a bhí an scoil dúnta freisin.